Dé Máirt 17. Eanáir 2023

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2023)0001

Comhaontú AE/an Nua-Shéalainn: malartú sonraí pearsanta idir Europol agus an Nua-Shéalainn

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (10092/2022 – C9-0288/2022 – 2022/0157(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 214/16)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10092/2022),

— ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (9269/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 88 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0288/2022),

— ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 10 Iúil 2020 ([1]) maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe, faoi chaibidil, idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac,

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0003/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Nua-Shéalainne.

([1]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 71.